

Nithe a bhaineann le láimhseáil shábháilte corpán daoine éagtha a bhfuil amhras ann ina leith, nó ar daingníodh ina leith, go raibh COVID-19 orthu

Raon feidhme an doiciméid seo

Is é is aidhm don doiciméad seo ná tacú le planáil ullmhachta sláinte poiblí agus le gníomhaíochtaí freagartha lena n-áirítear láimhseáil corpán daoine éagtha a bhfuil amhras ann ina leith, nó ar daingníodh ina leith, go raibh COVID-19 orthu: ar láthair an bháis, le linn iompair, stórála agus ullmhú roimh adhlacadh/chréamadh agus le linn adhlacadh/chréamadh.

Cuireann an doiciméad seo le doiciméid de chuid ECDC atá ann cheana, lena n-áirítear [measúnú mear riosca: ráig ghalar an choróinvíris nua – an 6ú nuashonrú \[1\]](#), [tuarascáil theicniúil maidir le hionfhabhtú a chosc agus a rialú i leith COVID-19 i suíomhanna cúraim sláinte \[2\]](#), [treoir maidir le trealamh cosanta pearsanta a chaitheamh agus a bhaint i suíomhanna cúraim sláinte ina dtugtar aire d’othair a bhfuil amhras ann ina leith, nó ar daingníodh ina leith, go bhfuil COVID-19 orthu \[3\]](#) agus [treoir WHO maidir le hionfhabhtú a chosc agus maidir le rialú a dhéanamh, i suíomhanna cúraim sláinte, ar ghéar-ionfhabhtú riospráide lena ngabhann leochaileacht ar leith mar thoradh ar eipidéim nó ar phaindéim \[4\]](#).

An grúpa a bhfuiltear ag díriú air

Údaráis sláinte poiblí san Aontas Eorpach (AE)/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus sa Ríocht Aontaithe.

Cúlra

Ar an 31 Nollaig 2019, rinneadh braisle cásanna níu móine narbh eol a cúiseolaíocht a thuairisciú in Wuhan, Cúige Hubei, an tSín. Ar an 9 Eanáir 2020, thuairiscigh CDC na Síne go raibh coróinvíreas nua ina ghníomhaire ba chúis leis an ráig seo. I gcomhthéacs fílighéiniteach, baineann an víreas le clád SARS-CoV agus tugtar gearshiondróm trom riospráide choróinvíreas 2’ (SARS-CoV-2) air. Gairtear galar coróinvíris 2019 (COVID-19) den ghalair a bhaineann leis an víreas.

Bealaí tarchurtha

Maidir le víreas SARS-CoV-2, arb é an gníomhaire é is cúis le COVID-19, is víreas é a bhaineann leis an aicme *Coronaviridae* (géineas: *Betacoronavirus*), is é sin le rá, aicme mhór víreas RNA imchluðaithe duail aonair de chineál dearfach.

Lua molta: An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Nithe a bhaineann le láimhseáil shábháilte corpán daoine éagtha a bhfuil amhras ann ina leith, nó ar daingníodh ina leith, go raibh COVID-19 orthu. Stócióim: ECDC, 2020.

Tá SARS-CoV-2 braite in eiseamail riospráide, faecais agus fola [5,6]. Meastar go dtarlaíonn an príomhbhealach tarchurtha mar thoradh ar bhraoiníní móra riospráide a ionanálaítear nó mar thoradh ar bhraoiníní den sórt sin a leagan ar dhromchlaí mucóis, ach tá modhanna eile tarchurtha luaite freisin (i.e. tarchur aeriompartha agus tarchur faecais/béil). Maidir le bealach eile a bhaineann le tarchur SARS-CoV-2, áiríonn sé teagmháil le *fomites* éillithe ar dhromchlaí ar féidir leis an víreas maireachtáil orthu [7].

Meastar gurb é atá sa mheántréimhse goir ná 5 go 6 lá, sa raon ó 0 go 14 lá [8]. Faoi láthair, níl aon chóireáil shonrach ná aon vacsaín shonrach ann in aghaidh COVID-19.

De réir van Doremalen et al., is é atá i gcobhsaíocht chomhshaoil SARS-CoV-2 ná 3 huairé an chloig tar éis aerásólú, suas go 4 huairé an chloig ar chopar, suas go 24 huairé an chloig ar chairtchlár agus suas go 2-3 lá ar phlaisteach agus ar chruach dhosmálta [7]. Tá na torthaí seo i gcomhréir leis na torthaí a fuarthas i ndáil le cobhsaíocht chomhshaoil SARS-CoV-1.

Rioscaí sonracha a bhaineann le láimhseáil corpán daoine éagtha a bhfuil amhras ann ina leith, nó ar daingníodh ina leith, go raibh COVID-19 orthu

Go dtí seo, níl aon fhianaise ann maidir le tarchur SARS-CoV-2 mar thoradh ar láimhseáil corpán daoine éagtha. Maidir leis an riosca ionchasach atá ann i ndáil le tarchur mar thoradh ar láimhseáil corpán daoine éagtha a bhfuil amhras ann ina leith, nó ar daingníodh ina leith, go raibh COVID-19 orthu, meastar go bhfuil sé íseal agus go mbaineann sé leis an méid seo a leanas:

- teagmháil dhíreach le taisí daoine nó le sreabháin choirp ina bhfuil an víreas
- teagmháil dhíreach le *fomites* éillithe.

Ós rud é go bhféadfadh sé go mairfidh SARS-CoV-2 ar dhromchlaí ar feadh roinnt laethanta [7], tá an fhéidearthacht ann go maireann an víreas ar chorpáin daoine éagtha freisin. Dá bhrí sin, is ceart teagmháil gan ghá le corpáin a íoslághdú i gcás daoine nach bhfuil trealamh cosanta pearsanta (PPE) á chaitheamh acu. Is ceart daoine a mbíonn teagmháil dhíreach acu le daoine éagtha ar a raibh COVID-19 (is é sin, daoine éagtha a bhfuil amhras ann ina leith, nó ar daingníodh ina leith, go raibh COVID-19 orthu) a chosaint ar theacht faoi lé sreabháin choirp, rudaí éillithe, nó dromchlaí comhshaoil éillithe eile trí PPE cuí a chaitheamh. I measc na riachtanas íosta, áirítear lámhainní agus gúna uiscefhriotaíoch, fadmhuinchilleach.

Le linn gnáthláimhseáil, meastar go bhfuil riosca íseal ann maidir le tarchur braoiníní nó aerásóil san aer thart ar an duine éagtha. Os a choinne sin, is mó an riosca atá ann mar gheall ar nósanna imeachta a ghineann aerásólú nó mar gheall ar nósanna imeachta ar féidir stealladh leanúint astu le linn scrúduithe iarbháis agus tá gá le PPE i ndáil leo (e.g. cosaint súl agus anáiltheoirí míre scagtha aghaidhe (FFP), catagóirí 2 nó 3 (FFP2 nó FFP3)).

Nithe atá ceaptha chun laghdú a dhéanamh ar an riosca tarchurtha le linn corpáin daoine éagtha a bhfuil amhras ann ina leith, nó ar daingníodh ina leith, go raibh COVID-19 orthu a láimhseáil

Bearta riaracháin

- Plean ullmhachta a bhunú i leith láimhseáil corpán daoine éagtha a bhfuil amhras ann ina leith, nó ar daingníodh ina leith, go raibh COVID-19 orthu, agus aghaidh á tabhairt ar rochtain ar bhail foirne chúil-oilte, ar chóir iompair, ar threalamh agus ar na struchtúir is gá chun corpáin a stóráil agus chun adhlacadh agus créamadh a dhéanamh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna teagmhasacha náisiúnta sibhialta i leith acmhainneachta i gcás borradh d'fhonn bainistíocht a dhéanamh ar chorpáin chun infheidhmeacht na bpleananna sin a fhíorú ar eagla go sáraítear an acmhainneacht reatha i leith bainistíocht a dhéanamh i ndáil le corpáin. Chomh maith le díriú ar shaoráidí stórála, aghaidh a thabhairt freisin ar na struchtúir eagraíochtúla atá i gceist le seirbhísí cuimhneacháin, le hadhlacadh agus le créamadh d'fhonn íoslághdú a dhéanamh ar mhoilleanna idir tráth an bháis agus an t-adhlacadh/créamadh.

- Grúpaí tábhachtacha gairmiúla a shainiúlaistigh den chóras cúraim sláinte, agus lasmuigh de, ar grúpaí iad atá bainteach le láimhseáil corpán daoine éagtha. Chomh maith le foireann chúraim sláinte, d'fhéadadh foireann chúraim phríomhúil, foireann mharbhlanne, gníomhaireachtaí sochraide, seirbhísí iompair, ionadaithe reiligiúin agus struchtúir eagraíochtúla a dhéanann adhlacadh agus créamadh a bheith i gceist leis na grúpaí sin. A chinntiú go bhfuil a fhios acu conas rochtain a fháil ar na moltaí oifigiúla reatha. Meastóireacht a dhéanamh ar an ngá le PPE le haghaidh gach ceann ar leith de na grúpaí sin; má sholáthraítear PPE, a chinntiú go bhfuil oiliúint dhóthanach ann maidir le PPE a úsáid.
- Ós rud é nach ionann na cleachtais a bhaineann le cúram a thabhairt do dhaoine éagtha, rud atá ag brath ar chomhthéacs áitiúil, cultúir agus reiligiúin, comhairle a ghlacadh le geallsealbhóirí, go háirithe ionadaithe reiligiúin, lena chinntiú go bhfuil athruithe ar ghnáthchleachtas inghlactha. Is dócha go mbeidh sé riachtanach plé trédhearcach a dhéanamh le ceannairí sa tsochaí chun iontaoibh idir údaráis agus an pobal a chothú.

Ullmhúchán ar láthair an bháis

Friothálamh déanach (cúram tar éis báis)

Baineann 'friothálamh déanach' le hullmhú an éagaigh go díreach tar éis báis agus roimh iompar. I measc na ngrúpaí is minice a bhíonn ag gabháil don ghníomhaíocht seo áirítear foireann chúraim sláinte, daoine den teaghlach/lucht mairgní agus oifigigh reiligiúin. Maidir leis na rioscaí tarchurtha le linn friothálamh déanach a dhéanamh, baineann siad go príomha le teagmháil dhíreach le taisí daoine nó le sreabháin choirp ina bhfuil an víreas nó baineann siad le teagmháil le *formites* nó le dromchlaí éillithe ar láthair chúraim an éagaigh.

- Is féidir gnáthullmhúcháin agus ullmhúcháin neamhionracha a ghabhann le friothálamh déanach, amhail cíoradh, glanadh agus ní, a dhéanamh trí úsáid a bhaint as réamhchúraimí caighdeánacha cuí agus as PPE chun cosc a chur ar tharchur trí theagmháil dhíreach. I measc na riachtanas iosta, áirítear lámhainní agus gúna uiscefhriotaíoch, fadmhuinchilleach.
- Más rud é go bhfuil daoine nach bhfuil oiliúint faighte acu maidir le húsáid réamhchúraimí caighdeánacha agus PPE le bheith páirteach go gníomhach i bhfriothálamh déanach trí theagmháil leis an gcorpán (e.g. daoine den teaghlach, lucht mairgní agus oifigigh reiligiúin), ní mór do bhaill foirne a chinntiú go bhfaigheann siad tacaíocht ina leith sin. I gcás ina bhfuil méid teoranta PPE ar fáil nó ina bhfuil ganntanas foirne ann chun maoirseacht a dhéanamh ar chuariteoirí i dtaca le húsáid PPE acu, breithniú a dhéanamh i dtaobh theorannú rannpháirtíocht fhisiciúil na mball foirne nach baill foirne cúraim sláinte iad, a mhéid is inghlactha.

Ullmhúchán le haghaidh iompair

- Is ceart do bhaill foirne ar a bhfuil freagracht i ndáil le cumhdach a chur ar chorpáin PPE cuí a chaitheamh chun íoslághdú a dhéanamh ar an méid a thagann na baill foirne sin faoi lé sreabháin choirp, rudáí éillithe agus dromchlaí comhshaoil éillithe eile. Is é atá sa tsraith PPE atá molta le haghaidh na mball foirne ar a bhfuil freagracht i ndáil le corpáin a chur i mála/a chumhdach ná lámhainní agus gúna uiscefhriotaíoch, fadmhuinchilleach.

Glanadh comhshaoil agus bainistíocht dramhaíola ar láthair an bháis

- Moltar glanadh a dhéanamh go tráthrialta, mar aon le díghalrú a dhéanamh ina dhiaidh sin. Is ceart don phearsanra glantacháin úsáid a bhaint as díghalráin ospidéil atá gníomhach in aghaidh víreas. Más rud é go bhfuil ganntanas díghalrán ospidéil ann, féadtar dí-éilliú a dhéanamh le 0.1% hipeaclóirít sóidiam (caolú 1:50 má úsáidtear tuarthóir teaghlaigh lena ngabhann tíúchan tosaigh 5%) tar éis glanadh a dhéanamh le díghalrán neodrach, cé nach bhfuil aon sonraí ar fáil maidir le héifeachtacht an chur chuige seo in aghaidh SARS-CoV-2 [9]. Más dócha go ndéanfar damáiste do dhromchla mar thoradh ar hipeaclóirít sóidiam a úsáid, is malairt é díghalrán neodrach a úsáid agus, ina dhiaidh sin, úsáid a bhaint as tíúchan 70% d'eatánól.
- Is ceart déileáil le dramhaíl mar a bheadh dramhaíl ionfhabhtaíoch chliniciúil Chatagóir B (UN3291) ann [10] agus is ceart í a láimhseáil de réir na mbeartas agus na rialachán áitiúil a bhaineann le cúram sláinte.
- De bhreis ar na moltaí thuas, is ceart do bhaill foirne glantacháin agus bainistíochta dramhaíola PPE cuí a chaitheamh: masc máinliachta, lámhainní, spéaclaí cosanta agus gúna [11].

Nithe a bhaineann le básanna sa phobal

Cé gur tharla tromlach na mbásanna mar thoradh ar COVID-19 in ospidéil, agus cé gur dócha go bhfuil an riosca tarchurtha ó dhaoine éagtha íseal, is ceart rochtain ar PPE a bheith ag údaráis a bhainistíodh corpáin sa phobal, amhail foireann otharchairr, póilíní agus lia-chleachtóirí ginearálta. Tá tábhacht ar leith aige sin má tá cúis acu a bheith in amhras go raibh COVID-19 ar an éagach.

Iompar ó láthair an bháis go láthair stórála corpán

- Is ceart íoslaghú a dhéanamh ar theagmháil dhíreach le taisí daoine nó le sreabháin choirp le linn an corpán a iompar ó láthair an bháis agus a ghlacadh isteach sna láithreacha ainmnithe stórála corpán.
- Maidir leo siúd a theagmhaíonn leis an gcorpán cumhdaithe, is ceart dóibh PPE cuí a chaitheamh chun íoslaghú a dhéanamh ar an méid a thagann siad faoi lé sreabháin choirp, rudaí éillithe agus dromchlaí comhshaoil éillithe eile. Is é atá sa tsraith PPE a mholtar ná lámhainní agus gúna uiscefhriotaíoch, fadmhuinchilleach.

Corpán a stóráil agus a ullmhú roimh adhlacadh/chréamadh

- Is féidir taiséadach a chur ar chorpán, agus an corpán a ullmhú, i gcomhair faire agus/nó sochraide trí úsáid a bhaint as réamhchúraimí caighdeánacha cuí agus as PPE chun cosc a chur ar tharchur trí theagmháil dhíreach. I measc na riachtanas íosta, áirítear lámhainní agus gúna uiscefhriotaíoch, fadmhuinchilleach.
- Is féidir faire a sheoladh don lucht mairgní. Más rud é go dteagmhóidh an lucht mairgní nó ionadaithe reiligiúin leis an gcorpán, is ceart úsáid a bhaint as réamhchúraimí caighdeánacha agus as PPE chun cosc a chur ar tharchur trí theagmháil dhíreach. I measc na riachtanas íosta, áirítear lámhainní agus gúna uiscefhriotaíoch, fadmhuinchilleach. Ní mór do bhaill foirne a chinntiú go bhfaigheann daoine den lucht mairgní tacáocht maidir le húsáid chuí PPE. I gcás ina bhfuil an méid PPE atá ar fáil teoranta nó i gcás ina bhfuil ganntanas foirne ann i leith maoirseacht a dhéanamh ar chuairoteoirí, is ceart machnamh a dhéanamh ar shrian a chur ar theagmháil leis an gcorpán le linn na faire.
- Má tá gá le scrúduithe iarbháis, is ceart nósanna imeachta a ghineann aerasól, lena n-áirítear úsáid a bhaint as uirlisí cumhachta mearghuairneacha, a sheachaint. Más dócha go nginfear aerasól (mar shampla, má úsáidtear uirlisí cumhachta), ba cheart PPE cuí a úsáid.
- Is féidir balsamú a dhéanamh trí úsáid a bhaint as réamhchúraimí caighdeánacha agus as PPE chun cosc a chur ar tharchur trí theagmháil dhíreach. I measc na riachtanas íosta, áirítear lámhainní agus gúna uiscefhriotaíoch, fadmhuinchilleach.

Adhlacadh/créamadh

- Is féidir éagaigh ar daingníodh ina leith, nó a bhfuil amhras ann ina leith, go raibh COVID-19 orthu, a adhlacadh nó a chréamadh sa ghnáthshlí.

Údair ar baineadh úsáid as a saothair (in ord aibítire)

Liselotte Diaz Högberg, Orlando Cenciarelli, Pete Kinross, John Kinsman, Diamantis Plachouras

Tagairtí

1. European Centre for Disease Prevention and Control (ECDC). Rapid risk assessment: Outbreak of novel coronavirus disease 2019 (COVID-19): increased transmission globally – sixth update. Stockholm: ECDC; 2020. Available from: [Url to be updated 12/03/2020](#).
2. European Centre for Disease Prevention and Control (ECDC). Infection prevention and control for COVID-19 in healthcare settings. Stockholm: ECDC; 2020. Available from: <https://www.ecdc.europa.eu/sites/default/files/documents/COVID-19-infection-prevention-and-control-healthcare-settings-march-2020.pdf>.
3. European Centre for Disease Prevention and Control (ECDC). Guidance for wearing and removing personal protective equipment in healthcare settings for the care of patients with suspected or confirmed COVID-19 2020 [cited 2020 8 March]. Stockholm: ECDC; 2020. Available from: <https://www.ecdc.europa.eu/en/publications-data/guidance-wearing-and-removing-personal-protective-equipment-healthcare-settings>.
4. World Health Organization (WHO). Infection prevention and control of epidemic-and pandemic prone acute respiratory infections in health care. Geneva: WHO; 2014 [17 January 2020]. Available from: https://www.who.int/csr/bioriskreduction/infection_control/publication/en/.
5. Wang W, Xu Y, Gao R, Lu R, Han K, Wu G, et al. Detection of SARS-CoV-2 in different types of clinical specimens. JAMA. 2020.
6. World Health Organization (WHO). Report of the WHO–China Joint mission on coronavirus disease 2019 (COVID-19) 2020. Geneva: WHO; 2020. Available from: <https://www.who.int/docs/default-source/coronaviruse/who-china-joint-mission-on-covid-19-final-report.pdf>.

7. van Doremalen N, Bushmaker T, Morris D, Holbrook M, Gamble A, Williamson B, et al. Aerosol and surface stability of HCoV-19 (SARS-CoV-2) compared to SARS-CoV-1. medRxiv. 2020.
8. World Health Organization (WHO). Coronavirus disease 2019 (COVID-19) Situation Report – 29. Geneva: WHO; 2020. [cited 2020 24 February]. Available from: https://www.who.int/docs/default-source/coronaviruse/situation-reports/20200219-sitrep-30-covid-19.pdf?sfvrsn=6e50645_2.
9. European Centre for Disease Prevention and Control (ECDC). Interim guidance for environmental cleaning in non-healthcare facilities exposed to SARS-CoV-2 2020. Stockholm: ECDC; 2020. Available from: <https://www.ecdc.europa.eu/sites/default/files/documents/coronavirus-SARS-CoV-2-guidance-environmental-cleaning-non-healthcare-facilities.pdf>
10. World Health Organization (WHO). Guidance on regulations for the transport of infectious substances 2013–2014. Geneva: WHO; 2012. Available from: https://apps.who.int/iris/bitstream/handle/10665/78075/WHO_HSE_GCR_2012.12_eng.pdf?sequence=1.
11. World Health Organization (WHO). Rational use of personal protective equipment for coronavirus disease 2019 (COVID-19). Geneva: WHO; 2020 [updated 27 February 2020]. Available from: https://apps.who.int/iris/bitstream/handle/10665/331215/WHO-2019-nCov-IPCPPE_use-2020.1-eng.pdf.